

SCRÚDÚ SCAGTHÁSTÁLA SPOTAFOLA NAÍONÁN NUABHEIRTHE EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ AGUS CAOMHNÓIRÍ

Sa chéad tseachtain tar éis bhreith do linbh, déanfar an Scrúdú Scagthástála SpotaFola Naíonán nuabheirthe a thairiscint duit le haghaidh do leanbh. Is minic a thugtar an tástáil ‘heel-prick’ ar seo. Cuidíonn an tástáil seo le leanaí a d’fhéadfadh riocht annamh ach tromchúiseach a bheith orthu, a aithint.

Cad iad na riochtaí sláinte atá san áireamh i Scrúdú Scagthástála SpotaFola Naíonán Nuabheirthe?

In Éirinn, déantar gach leanbh a scrúdú anois i gcomhair:

- feinilcéatónúire
- galar fual shíoróip mhailpe
- homaicistíonúire
- galachtóiséime
- fiobróis chisteach (a thosóidh le linn 2011)
- hipitíoróideacht ó bhroinn

Tá tuilleadh eolais faoi na riochtaí ar www.newborningscreening.ie, nó iarr tuilleadh eolais ar do cnáimhseoir nó ó d’altra sláinte pobail. Cuirfear riochtaí eile leis na dtástálacha seo amach anseo.

Cén fáth ar chóir an scagthástáil a dhéanamh ar mo leanbh?

Ní bheidh na riochtaí sláinte seo ar fhorhmór na leanaí a dhéanfar scagthástáil orthu. Tá buntáistí ollmhóra ann don líon an-bheag leanaí a aimsítear le riocht sláinte. Ciallaíonn sé seo go dtugtar cóir leighis go luath do leanaí a ndéantar scagthástáil orthu. D’fhéadfadh cóireáil luath, sláinte an linbh a fheabhsú agus míchumas trom nó fiú bás roimh am a sheachaint.

Cén fáth a d’fhéadfadh ceann de na riochtaí seo a bheith ar mo leanbh?

Cuirtear na riochtaí seo ar aghaidh ó ghlúin go glúin – sé sin, tagann an géin anuas ó na tuismitheoirí go dtí an leanbh. Ciallaíonn sé seo freisin go bhfuil baol ann go bhféadfadh an riocht céanna a bheith ar leanaí eile a bhéarfad do na tuismitheoirí seo.

Tá an Scagthástáil Tábhachtach

Moltar go láidir go ndéanfar Scagthástáil ar do leanbh i gcomhair na riochtaí sláinte seo. Má tá aon cheann de na riochtaí sláinte seo ar do leanbh, tá an tairbhe fhadtéarmach a bhaineann leis an scagthástáil i bhfad níos mó ná an mhíchompord beag a bhraitheann do leanbh nuair a thógtar an sampla fola. Mar sin féin, tá an rogha agat gan an scagthástáil a dhéanamh ar do leanbh.

Conas is féidir liom aontú le scagthástáil mo linbh?

Ba chóir duit an bhileog seo a léamh go cúramach roimh an tástáil sáile. Iarrfar ort an cárta scagthástála spotafola a shíniú agus deimhniú a thabhairt go dtoilleann tú leis an dtástáil agus go bhfuil an t-eolas maidir le do leanbh i gceart. Más rud é nach bhfuil tú ag iarraidh go ndéanfar scagthástáil ar do leanbh, ba cheart duit labhairt le do chnáimhseoir nó d’altra sláinte poiblí. Iarrfar ort foirm a shíniú a léiríonn go dtuigeann tú na rioscaí atá ann don leanbh mura ndéantar an tástáil.

Cén chaoi a ndéantar an tástáil?

De gnáth, déantar Scrúdú Scagthástála SpotaFola Naíonán nuabheirthe idir 72 uair an chloig (trí lá) agus 120 uair an chloig (cúig lá) tar éis bhreith do linbh. Bainfidh an chnáimhseoir nó altra sláinte poiblí roinnt deora fola ó sháil do linbh agus baileofar iad ar chárta speisialta.

Is féidir leatsa cabhrú:

- déan cinnte go bhfuil do leanbh te agus compordach, agus
- bí réidh chun do leanbh a bheathú nó é/í a choinneáil i do bhaclainn.

Nuair a thógtar an sampla, seoltar an cárta chuig An tSaotharlann Náisiúnta um Scagthástála spota Fola Naíonán nuabheirthe, Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath.

Tá roinnt leanaí i mbaol de bharr riocht sláinte ar a dtugtar galachtóiséime, rud a chiallaíonn nach féidir leo an siúcra atá ar fáil i mbainne duine agus bó a bhriseadh síos. Tá an baol níos airde má tá duine éigin i do theaghlach cheana féin a bhfuil an riocht seo orthu, nó i gcás leanaí de bhunadh an Lucht Siúil. Déanfar leanaí a bhfuil baol níos airde orthu a thástáil ag am an bhreithe, agus iarrfar ar thuismitheoirí bainne foirmle soighe-bhunaithe a úsáid go dtí go dtagann torthaí na tástála.

An mbíonn tuilleadh samplaí fola le tógáil ariamh?

Uaireanta beidh an bhean chabhrach nó altra sláinte poiblí i dteagmháil leat chun an dara sampla fola a thógáil ó sháil do leanbh. Tárlóidh sé seo muna raibh toradh na tástála soiléir nó mura bailíodh dóthain fola. De gnáth ní bhíonn aon rud mícheart leis na torthaí an dara uair.

Conas a bhfaighidh mé eolas faoi na torthaí?

Ní bheidh droch-riocht sláinte ar bith ar fhormhór na leanaí. Má léiríonn na torthaí tástála nach bhfuil aon cheann de na riochtaí seo ar do leanbh, ní dhéanfar aon teagmháil leat. Is féidir leat torthaí na tástála a iarraidh ar d'altra sláinte poiblí ag do chéad chuairt eile. Má léiríonn na torthaí tástála go bhféadfadh ceann de na riochtaí seo a bheith ar do leanbh, beidh altra nó dochtúir i dteagmháil leat laistigh de sheachtain nó dhó i ndiaidh na tástála. Déanfar tuilleadh tástálacha ar do leanbh chun an toradh a chinntiú agus b'fhéidir go gcaithfidh sé/sí fanacht san ospidéal ar feadh tréimhse ghearr. Ní aimsíonn an scagadh naíonán nuabheirthe na riochtaí seo i ngach leanbh.

Cad a tharlóidh má tá ceann de na riochtaí seo ar mo leanbh?

Má tá ceann de na riochtaí annamh seo ar do leanbh, beidh foireann gairmithe sláinte speisialtóireachta ag cabhrú leat chun riocht sláinte do leanbh a bhainistiú. Fásann na leanaí seo mar is gnáth chomh luath agus a thosaíonn an cóir leighis.

Cad a tharlaíonn do chárta tástála mo linbh i ndiaidh na scagthástála?

Tar éis na Scagthástála, d'fhéadfaí an cárta spota-fola a úsáid le haghaidh:

- torthaí do linbh a sheiceáil nó i gcomhair tástálacha eile atá molta ag do dochtúir. Lorgófar do chead roimh ré.

- dearbhú cáilíochta chun an clár scagthástála a fhorbairt ar mhaithe le feabhas a chur ar shláinte leanaí agus a dteaghlaigh in Éirinn. Déanfar an cárta spota-fola a stóráil mar chuid de thaifead sláinte do leanbh. Beidh sé stóráilte san Saotharlann Náisiúnta um Scagthástáil spota Fola Naíonán nuabheirthe ar son an FSS ar feadh 10 mbliana. Scríosfar go cúramach na Cártaí spota Fola ansin. Tá taifid na dtorthaí tástála coinnithe i gcomhréir le Cód Cleachtais FSS i leith Bainistiú Taifid Chúram Sláinte: Sceideal Coinneála agus Diúscartha.

Cá bhfuil tuilleadh eolais ar fáil?

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin Scrúdú Scagthástála Spotafola Naíonán Nuabheirthe ó do chnámhseoir nó ó d'altra sláinte poiblí, nó ar www.newbornscreening.ie